Coimisiún na Meán

# Clár Oiliúna & Forbartha na Meán

## Treoir d'Iarratasóirí

Dáta Foilsithe: 14 Deireadh Fómhair 2025
Spriocdháta le haghaidh Freagra: 10 Samhain 2025

Clár Ábhar


1. Maidir le Coimisiún na Meán 3

2. Faoin ár gClár Oiliúna & Forbartha na Meán 3

3. Cé a dTacaímid leo 3

4. Cad a Thacaímid leis? 4

5. Maoiniú ar Fáil 5

6. Rialacha Cúnamh Stáit 5

7. An tAcht um Thús Áite do Leanaí 6

8. Fáisnéis Riachtanach Chun Iarratas A Dhéanamh 6

9 Conas Irratas a Dhéanamh 7

10. Measúnú Ar Iarratais 7

11. Cinntí Maoinithe 8

12. Riachtanais Le hAghaidh Iarratais Rathúla 9

13. Saoráil Fáisnéise 10

14. Cosaint Sonraí 10

Aguisín a hAon – Plean Airgeadais 11

Aguisín a Dó - Buiséad Beartaithe 11

Moltar d'iarratasóirí an treoir seo a léamh roimh fhoirm iarratais a chomhlánú agus a chur isteach. Má tá aon cheist agat faoin gClár Oiliúna & Forbartha na Meán, déan teagmháil le mediaskillsdev@cnam.ie nó (01) 644 1200.

**Dáta Deiridh le haghaidh Iarratas**
Ní mór foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur isteach i PDF chuig mediaskillsdev@cnam.ie faoi **12 meán lae ar an 10 Samhain 2025**. Ní ghlacfaidh Coimisiún na Meán le hiarratais dhéanacha nó neamhiomlán

# 1. Maidir le Coimisiún na Meán

Coimisiún na hÉireann chun tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a fhorbairt agus a rialáil is ea Coimisiún na Meán mar a léirítear inár Ráiteas Straitéise Bunaíodh é de réir fhorálacha an *Achta um Shábháilteacht ar Líne agus Rialáil na Meán 2022* ar an 15 Márta 2023. Is iad ár bhfreagrachtaí:

- Cuirimid an córas rialála le haghaidh sábháilteachta ar líne i bhfeidhm.
- Rialaímid craoltóirí agus soláthraithe físeáin ar éileamh.
- Tacaímid leis an earnáil meán níos leithne.

# 2. Faoin ár gClár Oiliúna & Forbartha na Meán

Aithníonn an Coimisiún an tábhacht a bhaineann le hoiliúint leanúnach agus gníomhaíochtaí forbartha dóibh siúd atá ag obair sna meáin. Tríd an gClár seo, tá sé mar aidhm againn tacú le gníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha a chothaíonn, i gcomhréir lenár Ráiteas Straitéise , tírdhreach meán bríomhar agus iontaofa atá inbhuanaithe, ilchineálach agus rannpháirteach, agus a léiríonn agus a mhúnlaíonn cé muid féin mar shochaí. Tá an Coimisiún ag lorg iarratais ar mhaoiniú do na gníomhaíochtaí sin sa bhliain féilire atá le teacht.

Tá Beartas Cláir Oiliúna agus Forbartha na Meán foilsithe ag an cé atá incháilithe chun iarratas a dhéanamh, na cineálacha tacaíochta a chuirtear ar fáil agus an próiseas atá i gceist. **Moltar d'iarratasóirí an Polasaí seo a léamh sula ndéanann siad iarratas chuig an gClár.** Is féidir tuilleadh sonraí ábhartha a fháil thíos.

# 3. Cé a dTacaímid leo

Tá an Clár oscailte do na cineálacha eagraíochtaí / gnólachtaí cláraithe seo a leanas a oibríonn ar fud earnáil na meán nó leis na meáin:

- ➢ Eagraíochtaí ionadaíocha
- ➢ Eagraíochtaí abhcóideachta
- ➢ Comhlachtaí oiliúna agus tacaíochta
- ➢ Eagraíochtaí oideachais a oibríonn chun aghaidh a thabhairt ar chúrsaí a bhaineann leis na meáin.

Breithneofar iarratais ó eagraíochtaí meán aonair. Mar sin féin, i bhfianaise teorainneacha maoinithe, tabharfar tús áite dóibh siúd thuas, nó do chomhoibrithe nó do chomhpháirtíochta.

# 4. Cad a Thacaímid leis?

- Is féidir maoiniú a lorg chun cabhrú le gníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha sonracha agus intomhaiste a sheachadadh laistigh de thréimhse ama áirithe.
- Ní mór d'iarratais a bheith ailínithe lenár Ráiteas Straitéise agus le haidhmeanna agus cuspóirí ár mBeartas Cláir Oiliúna agus Forbartha na Meán.
- Tá costais oibríochtúla agus forchostais a bhaineann le seachadadh na ngníomhaíochtaí sin, mar shampla comhordú agus cur i bhfeidhm tionscnamh oiliúna, ceadaithe.
- Ní mór d'iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú chun tacú le gníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha sonracha a bheidh ar siúl in **2026 amháin**.
- Moltar d'iarratasóirí iniúchadh a dhéanamh ar thacaí Maoinithe eile a thairgeann an Coimisiún chun a chinntiú go bhfuil tacaíocht á lorg ó na cláir nó na scéimeanna is oiriúnaí. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar ár suíomh gréasáin .

## Faisnéis Thábhachtach Eile d'Iarratasóirí

- Níl maoiniú ilbhliantúil ar fáil faoin mbabhta seo.
- Ní thairgtear maoiniú chun scannáin, cláir teilifíse, raidió ná a leithéid a léiriú faoin gClár seo.
- Táthar ag súil go gcuirfidh iarratasóirí roinnt maoinithe leis na gníomhaíochtaí beartaithe lena mbaineann agus níor cheart dóibh iarracht a dhéanamh an Clár seo a úsáid mar a n-aon fhoinse maoinithe. Ní fhéadfar níos mó ná 95% den bhuiséad ábhartha a iarraidh.
- Má tá iarratasóir ag fáil maoiniú faoi scéim eile de chuid Choimisiún na Meán, ní féidir leis an Iarratasóir iarratas a dhéanamh chuig an gClár seo chun tacú leis an ngníomhaíocht/na gníomhaíochtaí nó leis an imeacht céanna atá ag fáil maoiniú tríd an sásra tacaíochta eile.
- Níl an Clár seo ceaptha chun tacú le costais reatha laethúla eagraíochta. Ní cheadaítear maoiniú do chostais oibríochtúla nó forchostais den sórt sin lasmuigh de ghníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha sainaitheanta.
- Ní cheadaítear maoiniú do chostais chaipitil ná bonneagair.

# 5. Maoiniú ar Fáil

Tá maoiniú **suas le €550,000** ar fáil ag Coimisiún na Meán in 2026 le leithdháileadh faoina Chlár Oiliúna agus Forbartha na Meán chun tacú le gníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha in 2025, faoi réir iarratais ar chaighdeán imleor a fháil.

# 6. Rialacha Cúnamh Stáit

Tá an Coimisiún ag reáchtáil an Clár seo ag tabhairt aird ar Rialacha Cúnamh Stáit an AE, agus úsáideann sé De Minimus Regulation (EU) 2023/2831.

Faoi De Minimis, is é €300,000 an uasteorainn reatha do gach cabhair De Minimis, beag beann ar fhoinse na cabhrach De Minimis sin, a bhronntar ar aon ghnóthas aonair ag aon ghníomhaireacht Stáit nó comhlacht poiblí thar thréimhse trí bliana. Ceadaíonn an Coimisiún Eorpach cabhair De Minimis suas le €300,000 in aghaidh an ghnóthais thar aon tréimhse trí bliana faoin Rialachán De Minimis toisc go meastar go bhfuil sé seo ar leibhéal nach mbeidh tionchar substaintiúil aige ar thrádáil idir Ballstáit ná nach ndéanfaidh sé iomaíocht a shaobhadh nó bagairt go saobhfar iomaíocht léi agus dá bhrí sin is féidir é a dhámhachtain gan fógra a thabhairt don Choimisiún Eorpach ná gan imréiteach uaidh.

Ní mór d’iarratasóirí aon chabhair De Minimis a fuair siad ó aon chomhlacht poiblí sna trí bliana sula bhfuair siad maoiniú ón gCoimisiún (agus aon iarratais atá “ar bun” ar mhaoiniú stáit) a dhearbhú don Choimisiún.

Déanfar infheidhmeacht De Minimis a sheiceáil i ngach tionscadal mar chuid den iarratas tosaigh agus nuair a chuirfear éilimh isteach, agus d’fhéadfadh nach mbeidh iarratais incháilithe do chúnamh deontais faoin gClár seo dá bharr sin.

Beidh ar iarratasóirí atá ag lorg tacaíochta faoin Rialachán De Minimis dearbhú a chur faoi bhráid an Choimisiúin ina ndearbhaítear an cúnamh De Minimis go léir a fuarthas le trí bliana anuas, i gcomhréir le Rialacha Cúnaimh Stáit an AE. Is díol suntais é go bhféadfadh dearbhú bréagach as a dtiocfaidh sárú ar an tairseach €300,000 a bheith ina chúis le haisghabháil na cabhrach le hús ag an gCoimisiún ag am níos déanaí.

### Ceanglais Faireacháin & Tuairiscithe

Coinneoidh an Coimisiún taifid ina bhfuil faisnéis agus doiciméid tacaíochta chun a shuíomh go gcomhlíontar na coinníollacha uile atá leagtha síos i De Minimis ar feadh 10 mbliana ó dháta an dámhachtana cúnaimh dheireanaigh faoin gClár.

Le haghaidh tuilleadh eolais: De Minimus Aid

# 7. An tAcht um Thús Áite do Leanaí

Mar chomhlacht poiblí, tá oibleagáidí ar an gCoimisiún faoin Acht um Thús Áite do Leanaí (2015). I gcás ina bhfuil tionscadal nó gníomhaíocht a bhaineann le leanaí nó le haosaigh soghonta á maoiniú ag an gCoimisiún, tá oibleagáid ar an gCoimisiún agus ar an deontaí araon cloí le forálacha an Achta. Más rud é go bhfuil baint ag ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí atá beartaithe agat le leanaí nó le haosaigh soghonta, ba chóir é seo a chur in iúl san fhoirm iarratais. Tabhair do d'aire, mar choinníoll chun maoiniú a fháil, go n-iarrfar ort cóip de do Bheartas maidir le Cosaint Leanaí/do Bheartas maidir le Cosaint Aosach Soghonta a sholáthar agus dearbhuithe a thabhairt go bhfuil do thionscadal ag feidhmiú i gcomhréir leis an Acht um Thús Áite do Leanaí. Is féidir Treoir dhoiciméad Náisiúnta maidir leis an Acht um Tús Áite do Leanaí a fháil anseo .

# 8. Fáisnéis Riachtanach Chun Iarratas A Dhéanamh

Ní mór d'iarratasóirí foirm iarratais oifigiúil de chuid Choimisiún na Meán a chomhlánú, a bhfuil an fhaisnéis seo a leanas san áireamh inti:

**Sonraí an Iarratasóra / Chonraitheora Beartaithe**, lena n-áirítear:

- Sonraí teagmhála (*ainm iomlán, seoladh poist, teileafóin agus ríomhphoist, suíomh gréasáin agus Cuntas meán shóisialta a bhaineann leis an iarratas*).
- Deimhniú ar stádas an Iarratasóra / Chonraitheora Beartaithe, (*ainm na heagraíochta nó ainm gnó aonair an bhfeidhmíonn sé mar chuideachta chláraithe, carthanacht srl,).*
- Cúlra gairid an iarratasóra / an Chonraitheora atá beartaithe, lena n-áirítear aon cuntas teiste ábhartha.

**Sonraí faoi na gníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha atá beartaithe**

- Cur síos ar na gníomhaíochtaí sonracha a bhfuil an t-iarratasóir ag lorg maoinithe dóibh agus conas a dhíríonn na gníomhaíochtaí sin ar aidhmeanna agus cuspóirí Beartas Cláir Oiliúna agus Forbartha na Meán.
- Más ábhartha, Dáta(í), suíomh, cur síos gairid ar aon imeacht a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis na gníomhaíochtaí oiliúna atá beartaithe.

**Sonraí Airgeadais**

- An méid a iarrtar ón gCoimisiún. Tabhair faoi deara nach féidir níos mó ná 95% den bhuiséad ábhartha a iarraidh.
- Plean airgeadais ina léirítear foinsí maoinithe eile, mar shampla an Coimisiún (más éiríonn leis), maoiniú a chuirfidh an t-iarratasóir ar fáil, agus aon chomhpháirtithe eile. (Teimpléad ar fáil in Aguisín *a hAon).*

- Buiséad iomlán do na gníomhaíochtaí atá beartaithe. (Teimpléad ar fáil in Aguisín a Dó)

**Poiblíocht agus Aitheantas**

- Mínigh conas a aithneofar aon tacaíocht mhaoinithe ó Choimisiún na Meán.

**Cuntas Teiste an iarratasóra**

- Cuntas teiste ábhartha an iarratasóra maidir le gníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha a sheachadadh roimhe seo agus stádas conarthaí reatha leis an gCoimisiún más infheidhme.

# 9. Conas Iarratas a Dhéanamh

Ní mór foirmeacha iarratais a chur isteach **i bhfoirm PDF** chuig mediaskillsdev@cnam.ie **faoi 12 meán lae, 10 Samhain 2025.** Ní ghlacfaidh Coimisiún na Meán le hiarratais dhéanacha ná neamhchríochnaithe. Is féidir foirmeacha iarratais a íoslódáil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Meán. Ba cheart d'iarratasóirí cóip dhigiteach den iarratas a cuireadh isteach a choinneáil.

**Nóta:** Ná comhlánaigh an fhoirm iarratais i mbrabhsálaí gréasáin le do thoil. Ní mór an fhoirm a íoslódáil agus a shábháil sula gcuirtear isteach í.

# 10. Measúnú Ar Iarratais

**Réamh mheastóireacht:** Chun a chinntiú go bhfuil iarratasóir incháilithe le haghaidh maoinithe faoin gclár. Is é an fócas anseo ná a chinntiú go gcomhlíontar na critéir íosta, agus an Polasaí á chur san áireamh, agus go bhfuil an doiciméadacht/an fhaisnéis riachtanach go léir curtha isteach.

**Measúnú Cáilíochtúil:** Déantar measúnú ar gach iarratas ar a fhiúntais féin i gcomhthéacs na gcritéar measúnaithe thíos.

| Critéir an Mheasúnaithe | Marcanna ar fáil % | Scór íosta a theastaíonn |
|---|---|---|
| (A) Ailíniú agus ábharthacht lenár Ráiteas Straitéiseach agus na Cuspóirí sonracha Beartas an Chláir | 40 | 24 |
| (B) Cuireann sé luach ar airgead ar fáil. | 25 | 15 |
| (C) A mhéid atá an togra leagtha amach réadúil agus indéanta. | 15 | 9 |
| (D) Taithí agus taifead ábhartha an iarratasóra i dtaca leis an imeacht/gníomhaíocht atá beartaithe. Breithneofar cuntas teiste iarratasóra i dtéarmaí an phróisis chonarthachta agus conarthaí a dhúnadh laistigh d'amlínte ama comhaontaithe mar chuid den phróiseas measúnaithe. Má tá maoiniú faighte ag an iarratasóir roimhe seo, tabhair faoi deara nach ndéanfaidh Coimisiún na Meán conradh nua go dtí go mbeidh na conarthaí roimhe seo go léir dúnta. | 20 | 12 |
| **Iomlán** | **100%** | **-** |

**Measúnú Straitéiseach:**

I gcásanna ina bhfuil níos mó iarratas cáilitheach ná cistí ar fáil, beidh dara céim mheasúnaithe ann. Díreofar anseo ar chothromaíocht a bhaint amach i bpacáiste foriomlán na dtionscadal maoinithe i gcomhthéacs an Chláir. Breithneofar na moltaí ón gcéim cháilíochtúil anseo.

**Tabhair faoi deara, le do thoil, nach ráthaíonn rathúlacht roimhe seo maidir le maoiniú a chinntiú go gcuirfear maoiniú ar fáil do na blianta atá le teacht.**

# 11. Cinntí Maoinithe

Cuirfidh Coimisiún na Meán cinntí in iúl d'iarratasóirí rathúla agus nár éirigh leo go luath in 2026.

# 12. Riachtanais Le hAghaidh Iarratais Rathúla

**Conradh**: Tá gach tairiscint ar mhaoiniú faoi réir ghlacadh oifigiúil an iarratasóra leis an tairiscint agus conradh maoinithe a dhéanamh le Coimisiún na Meán laistigh de na creataí ama atá sainithe ag an gCoimisiún agus tráth nach déanaí ná an dáta atá an t imeacht nó an ghníomhaíocht le bheith ar siúl.

Ar chur i gcrích conartha, cuirfear sciar tosaigh den mhaoiniú leithdháilte ar fáil. Chun an chuid eile den mhaoiniú a tharraingt anuas, ní mór d'iarratasóirí cloí go hiomlán le téarmaí an chonartha. Cuimsítear leis na ceanglais go gcuirfí na táirgí insoláthartha riachtanacha ar fad atá leagtha amach sa chonradh isteach ar chaighdeán sásúil.

Beidh ar iarratasóirí a n éiríonn leo ag a bhfuil conarthaí maoinithe reatha acu le Coimisiún na Meán, na conarthaí sin a dhúnadh, agus aon táirge insoláthartha gan íoc a chur isteach chun sástacht Choimisiún na Meán chun tús a chur le hidirbheartaíochtaí conartha le haghaidh aon imeacht / ghníomhaíocht atá ag teacht aníos agus ar bronnadh maoiniú air/uirthi.

Is féidir Conradh Maoinithe Samplach le haghaidh Clár Oiliúna & Forbartha na Meán, mar aon leis na téarmaí  agus coinníollacha a bhaineann leis ó Choimisiún na Meán.

Ina theannta sin, tabhair an méid seo a leanas faoi deara:

**Tarraingt anuas an mhaoinithe:** Go ginearálta, íocfar an maoiniú i dhá nó trí sciar agus comhaontaítear céatadán an mhaoinithe i ngach tráinse le linn caibidlíochtaí conartha idir an t-iarratasóir rathúil agus Coimisiún na Meán.

**Cuntas bainc:** Ní féidir maoiniú a eisiúint ach chuig cuntas bainc ar leith de chuid an imeachta/na gníomhaíochta maoinithe. Caithfidh an t ainm ar an gcuntas bainc teacht le hainm an iarratasóra a n éireoidh leis/léi. Tá Litir ó bainc ag taisteáil chomh maith ina ndeimhnítear nach bhfuil aon fhritháireamh ann ar an gCuntas Bainc,

***Cuntasaíocht***: Faoi chonradh maoinithe Choimisiún na Meán, tá dualgas ar iarratasóirí a n éiríonn leo úsáid a bhaint as caighdeán cuntasaíochta MTS 45 agus iad ag ullmhú na ráiteas costais deiridh don imeacht/ghníomhaíocht maoinithe. Ní féidir an sciar deiridh den mhaoiniú a eisiúint dá uireasa sin. Tá treoir maidir leis an gcaighdeán cuntasaíochta MTS 45 ar fáil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Meán.

**Imréiteach Cánach** Ní mór d'iarratasóirí a n éiríonn leo uimhreacha rochtana cánach agus uimhreacha tagartha cánach a chur isteach chuig Coimisiún na Meán chun comhlíonadh cánach a léiriú sula mbeifear in ann aon mhaoiniú a eisiúint.

**CBL:** Ní mór do na hiarratasóirí a n éireoidh leo agus atá cláraithe le haghaidh CBL, sonraisc bhailí CBL a eisiúint chuig Coimisiún na Meán chun maoiniú a fháil.

## 13. Saoráil Faisnéise

Geallann an Coimisiún a dhícheall a dhéanamh chun aon ábhar a sholáthraítear mar fhreagra ar an bpróiseas seo a choinneáil faoi rún, faoi réir oibleagáidí an Choimisiúin faoin dlí, lena n-áirítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 ("Acht um Shaoráil Faisnéise"). Iarrtar ar Iarratasóirí agus ar Chonraitheoirí a mheas an gcaithfear aon chuid den fhaisnéis a sholáthraítear don Choimisiún in iarratas nó le linn conarthaí ina dhiaidh sin a nochtadh mar gheall ar a hábhar faisnéise, an fhaisnéis sin a aithint agus na cúiseanna lena híogaireacht a shonrú. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le hiarratasóirí faoi fhaisnéis rúnda, phearsanta nó íogair ó thaobh tráchtála de sula ndéanfaidh sé cinneadh ar aon iarratas a fhaightear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Féadfar an fhaisnéis sin a scaoileadh mar fhreagra ar iarratas um Shaoráil Faisnéise mura meastar go bhfuil an fhaisnéis íogair ó thaobh tráchtála de.

## 14. Cosaint Sonraí

Tá Coimisiún na Meán faoi réir gach dlí, rialachán agus treoir is infheidhme um chosaint sonraí ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, Rialachán (AE) 2016/679 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an "Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí") agus aon treoir agus cód cleachtais eisithe ó am go ham ag Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí nó ag aon údarás maoirseachta eile le haghaidh cosaint sonraí in Éirinn.

Beidh Coimisiún na Meán ina rialtóir sonraí (sa chás go dtugtar brí do Rialtóir Sonraí de réir na nDlíthe Cosanta Sonraí) maidir le haon Sonraí Pearsanta (sa chás go dtugtar brí do Shonraí Pearsanta de réir na nDlíthe Cosanta Sonraí) a chaithfidh iarratasóirí a chur ar fáil le haghaidh maoiniú.

Ní mór don iarratasóir, mar rialtóir sonraí maidir leis na sonraí ar fad a chuireann sé ar fáil ina iarratas, a dheimhniú i scríbhinn go bhfuil cead tugtha ag na hábhair sonraí ar fad (sa chás go dtugtar brí d'ábhair sonraí de réir na ndlíthe cosanta sonraí) a bhfuil a sonraí pearsanta curtha ar fáil ag an iarratasóir, i leith phróiseáil sonraí pearsanta den sórt sin ag an iarratasóir, ag Coimisiún na Meán agus ag an bpainéal measúnaithe chun críocha rannpháirtíochta sa Chlár seo NÓ go bhfuil bunús dlíthiúil ag an iarratasóir chun sonraí pearsanta den sórt sin a chur ar fáil do Choimisiún na Meán chun críocha rannpháirtíochta sa Chlár seo.

# Aguisín a hAon – Plean Airgeadais

| **Maoinitheoir** | **Méid airgead á thabhairt** | **% den Bhuiséad Iomlán** | **Deimhnithe? (Tá/Níl)** |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| **Iomlán** | | | |

# Aguisín a Dó – Buiséad Beartaithe

| **Gníomhaíocht #1** | **Méid maoinithe atá á lorg ón gCoimisiún?** | **Méid maoinithe atá le soláthar ag an iarratasóir?** | **Maoiniú á lorg ó foínsí eile** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|
| Traenálaithe / Cainteoir | | | | |
| Ionad | | | | |
| Ábhair Oiliúna | | | | |
| Lóistín | | | | |
| Eile (má bhaineann, tabhair sonraí) | | | | |
| **Iomlán** | | | | |

| **Costais Oibriúcháin Foriomlána** | **Méid maoinithe atá á lorg ón gCoimisiún?** | **Méid maoinithe atá le soláthar ag an iarratasóir?** | **Maoiniú á lorg ó foinsí eile** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|
| Airgeadas agus Cuntasóireacht | | | | |
| Árachas | | | | |
| **Forchostas** (ní féidir bheidh thar 5% den bhuiséad) | | | | |
| **Iomlán** | | | | |